Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2017
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0282B (COD)

15577/17
ADD 2

CODEC 2049
AGRI 688
AGRILEG 249
AGRIFIN 132
AGRIORG 124
AGRISTR 115
VETER 124
PHYTOSAN 27

NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, Rialachán (AE) Uimh. 1307/ 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta laistigh de chreat an chomhbheartais talmhaíochta, Rialachán (AE) Uimh. 1308/ 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 lena leagtar síos forálacha maidir le bainistiú caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí **(an chéad léamh)** - Glacadh an ghnímh reachtaigh = Ráiteas

Dearbhú ón Ísiltír

Is mór ag an Ísiltír na hiarrachtaí a rinne an Uachtaránacht teacht ar chomhaontú comhréitigh maidir le forálacha talmhaíochta an togra Omnibus. Is díol sásaimh don Ísiltír go háirithe na torthaí maidir leis an rialachán cothrománach, an rialachán maidir le híocaíochtaí díreacha, agus an rialachán maidir le comheagrú aonair na margaí.

Mar sin féin, is ábhair imní don Ísiltír an laghdú ar an tairseach damáiste is infheidhme maidir le hárachas barr, ainmhithe agus plandaí ó 30% go 20%. Tá scéim árachais uile-aimsire dea-fheidhmiúil ag an Ísiltír cheana féin a bhfuil tairseach 30 % i bhfeidhm aige. Ach an tairseach damáiste a laghdú, tiocfaidh méadú ar mhéid agus ar mhiníocaíocht na n-íocaíochtaí. Mar gheall ar an méid sin, tiocfaidh méadú ar an bpréimh, rud a chuirfidh brú ar rannpháirtíocht na bhfeirmeoirí sa scéim árachais uile aimsire. Ina theannta sin, faoi rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála, aistreofar an fóirdheontas a chuirtear ar an bpréimh ón mbosca glas chuig an mbosca ómra, a shaobhann trádáil. Ar na cúiseanna réamhluaite, ba mhaith leis an Ísiltír staonadh ó vóta a chaitheamh maidir leis an togra seo.